

## RABHADH

Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

**STAIR - GNÁTHLEIBHÉAL  
(180 MARC)**

DÉ MÁIRT, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 3.30

STAMPA AN IONAIT

SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA

FREAGAIR GACH CEIST 1, 2, 3 AGUS 4.

FREAGAIR NA CEISTEANNA 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA ATÁ ANN  
CHUIGE SIN AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR.

FREAGAIR CEIST 4 I DO FHREAGARLEABHAR.

CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR

## 1. PICTIÚIR

(35 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir – A, B, C1 agus C2 – a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

### (a) PICTIÚR A

*Taispeántar Dún Aonghasa i bPictiúr A. Dún ar bharr aille is ea é a tógadh san Iarannaois.*

- (i) Na daoine a thóg an dún, cén fáth ar roghnaigh siad an suíomh sin, dar leat?

.....(3)

- (ii) Tabhair píosa **amháin** fianaise ón bpictiúr a léiríonn gur tógálaithe cumasacha iad na daoine sin.

.....(4)

- (iii) Cén fáth a dtugtar an Iarannaois ar an tréimhse seo den stair?

.....(4)

### (b) PICTIÚR B

*I bPictiúr B, taispeántar ceardaithe ón Mheánaois agus iad i mbun oibre.*

- (i) I bpictiúr B, ainmnigh na ceirdeanna atá á gcleachtadh ag na hoibrithe marcáilte mar **X** agus mar **Y**.

X .....

Y ....., (2)

- (ii) Tabhair píosa **amháin** fianaise a léiríonn go raibh tábhacht ag baint le ceardaithe sa Mheánaois.

.....(3)

- (iii) Sa Mheánaois, cén t-ainm a thugtaí ar dhuine óg a mbeadh ceird á foghlaim aige/aici?  
Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos:

Seirfeach  Péitse  Printíseach  (3)

- (iv) Tabhair cúis **amháin** a raibh a laghad sin ceardaithe ban ann sa Mheánaois.

.....  
.....

(4)

(c) **PICTIÚR C1 agus PICTIÚR C2**

*Tuairim ealaiontóra d'oibrithe thí c.1850 atá i bpictiúr C1.*

*Taispeántar oibrithe monarchan i rith na Réabhlóide Tionsclaíche i bpictiúr C2.*

- (i) Cén cineál oibre atá á dhéanamh ag na mná i bpictiúr **C1**?

.....  
.....

(2)

- (ii) Luaign **dhá** shlí ina raibh difríocht idir na dála oibre i bpictiúr **C2** agus na dála oibre i bpictiúr **C1**.

**Difríocht 1:** .....

.....

(3)

**Difríocht 2:** .....

.....

(3)

- (iii) Tabhair firic **amháin** mar gheall ar dhála titheochta d'oibrithe sna bailte móra sa Bhreatain i rith na Réabhlóide Tionsclaíche.

.....  
.....

(4)

**2. DOICIMÉID**  
(35 marc)

Déan staidéar ar an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

**(a) Doiciméad 1**

*Sliocht is ea é seo a tógadh as cuntas a thug Criostóir Colambas ar a thuras farraige i 1492.*

- (i) Cén chuid den oileán a rinne Colambas a thaiscéaladh maidin Dé Domhnaigh?

.....(2)

- (ii) Ón gcuntas, tabhair píosa **amháin** fianaise a thaispeánann gur chuir muintir an oileáin fáilte roimh Cholambas.

.....(2)

- (iii) Cé mhéad fear ón oileán a d'ordaigh Colambas a thabhairt go dtí an Spáinn?

.....(2)

- (iv) “*Ach, ní dóigh liom anois gur gá an áit a dhaingniú.*”  
Cén fáth ar cheap Colambas nach raibh sé riachtanach dún a thógáil ar an oileán?

.....(3)

- (v) Tabhair cúis **amháin** go ndeachaigh rialtóirí san Eoraip in urraíocht ar thurais taiscéalaíochta ar an bhfarraige.

.....(4)

- (vi) Luaign toradh *diúltach amháin* a bhí ar na turais taiscéalaíochta ar na daoine sna tíortha a fionnadh den chéad uair.

.....(4)

(b) **Doiciméad 2**

*Sliocht is ea é seo as “A Country Boy” le Tom Lynam. Cuntas ó fhinné súl is ea é ar a shaol i mBaile Átha Cliath i rith na hÉigeandála, 1939-1945 in Éirinn.*

- (i) Tabhair cúis **amháin** nach raibh an scríbhneoir buartha faoin gcogadh.

.....(2)

- (ii) Ainmnigh páirt **amháin** den thír a buamáladh i ndeireadh na bliana 1940.

.....(2)

- (iii) Cén fáth, a deir an scríbhneoir, ar caitheadh buamaí anuas ar Éirinn i rith na hÉigeandála, 1939-1945?

.....  
.....(2)

- (iv) Ainmnigh **dhá** áit a ndearnadh díobháil dóibh ‘oíche na mbuamaí móra i mBaile Átha Cliath’.

.....(2)

- (v) Cá mhéad duine a maraíodh ar an Trá Thuaidh?

.....(2)

- (vi) ‘*Ní bhíodh soilse ar siúl againn tar éis titim na hoíche.*’

Cén fáth, dar leat, nár fágadh aon solas ar siúl tar éis titim na hoíche i rith na hÉigeandála, 1939-1945?

.....  
.....(4)

- (vii) ‘*Nuair a fógraíodh an cogadh, dúirt de Valera go bhfanfadh Éire neodrach.*’

Mínigh cad is brí leis an téarma neodrach.

.....  
.....(4)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ**  
(60 marc)

Freagair DEICH gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 6 mharc an ceann iad.

- (i) Cén céad lena mbaineann an dáta seo a leanas?

**AD 1825**.....(6)

- (ii) ‘Teastas breithe, sampla is ea é d’fhoinse thánaisteach.’  
Fíor nó bréagach?

.....(6)

- (iii) Ainmnigh **dhá** uirlis a úsáideann seandálaithe agus iad ag obair ar láthair seandálaíochta.

.....(6)

- (iv) Ainmnigh sibhialtacht **amháin** lasmuigh d’Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.  
Scríobh síos fíric **amháin** mar gheall ar an tithíocht nó ar shaol na mban sa tsibhialtacht sin.

Sibhialtacht: .....

Fíric: .....

.....(6)

- (v) Ón liosta thíos roghnaigh ainm cineál tuama in Éirinn anallód.  
*Bró; Dolmain Ursanach; Uaimh thalún.*

.....(6)

- (vi) Cén t-ord ama inar tháinig na dreamanna seo a leanas go hÉirinn? Tosaigh leis an dream ba thúsce a tháinig.

*Na Lochlannaigh; Na Ceiltigh; Na Normannaigh.*

**1**.....

**2**.....

**3** .....(6)

- (vii) Cén fáth ar thosaigh na Normannaigh ag tógáil caisleán chloiche in ionad caisleán adhmaid?

.....(6)

- (viii) Ainmnigh gné chosanta **amháin** a bhain le baile móra sa Mheánaois.

.....(6)

- (ix) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhain le manaigh agus le mainistreacha na Meánaoise:

*Corann; Ab; Dórtúr.*

.....(6)

- (x) Tabhair cúis **amháin** ar thosaigh an Renaissance san Iodáil.

.....(6)

- (xi) Ainmnigh dealbhóir **amháin** ón Renaissance agus saothar **amháin** de chuid an dealbhóra sin.
- Dealbhóir: .....
- Saothar: .....(6)
- (xii) Luaign fionnachtain **amháin** san eolaíocht nó sa leigheas a rinneadh i rith an Renaissance.
- .....(6)
- (xiii) Cé acu ceann de na huirlísí seo a d'úsáid na mairnéalaigh i rith Aois na bhFionnachtana chun ráta dul chun cinn na loinge a thomhas?
- Téad luasmhéá; Compás; Ceathramhán stiúrtha.*
- .....(6)
- (xiv) Luaign athrú **amháin** ar an bhfeirmeoireacht sa Réabhlóid Talmhaíochta sa Bhreatain.
- .....(6)
- (xv) Mínigh cén fáth a dtugtar aois na n-iarnróid ar na 1830idí agus na 1840idí sa Bhreatain.
- .....(6)
- (xvi) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an nGorta Mór in Éirinn sna 1840idí:
- An dubh; Tithe suíp; Longa báis.*
- .....(6)
- (xvii) Tabhair cúis **amháin** ar theastaigh ó na hAontachaithe fanacht mar chuid den Ríocht Aontaithe.
- NÓ**
- Luaign athrú **amháin** ar chúrsaí taistil ó 1945 i leith.
- .....(6)
- (xviii) Ainmnigh **beirt** a bhí ina gceannairí ar pháirtí Fhianna Fáil ó 1932 i leith.
- .....(6)
- NÓ**
- Luaign mór-athrú **amháin** ar an bhfeirmeoireacht ó 1945 i leith.
- .....(6)
- (xix) Ainmnigh ceannaire rialtais **amháin** ar fhoghlaim tú faoi/fúithi sa topaic *Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois.*
- .....(6)
- (xx) Ón staidéar atá déanta agat ar *Caidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois*, luaign eachtra stairiúil **amháin** a tharla sna blianta ó dheireadh an Chéad Cogadh Domhanda i leith.
- .....(6)

**4. PEARNSANA SA STAIR  
(50 marc)**

**Freagair A agus B**

- A.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid le cabhrú leat i do fhreagra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

**(i) Duine in Éirinn sa Chlochaois nó sa Chré-Umhaois nó san Iarannaois.**

- |            |   |      |
|------------|---|------|
| LEIDEANNA: | <ul style="list-style-type: none"> <li>* Tithíocht, bia agus éadaí</li> <li>* Modhanna feirmeoireachta</li> <li>* Ealaíona agus ceirdeanna</li> <li>* Gnásanna adhlactha</li> </ul> | (25) |
|------------|---|------|

**(ii) Manach i mainistir in Éirinn i dtús ré na Críostaíochta, c 500 -800AD.**

- |            |   |      |
|------------|---|------|
| LEIDEANNA: | <ul style="list-style-type: none"> <li>* Cúiseanna le bheith ina mhanach</li> <li>* An gnáthshaol sa mhainistir</li> <li>* Na príomhfhaoirgnimh</li> <li>* An mhainistir faoi ionsaí</li> </ul> | (25) |
|------------|---|------|

**(iii) Leasaitheoir creidimh a ainmníonn tú aimsir an Reifirméisin.**

- |            |  |      |
|------------|--|------|
| LEIDEANNA: | <ul style="list-style-type: none"> <li>* A (h)oige</li> <li>* Cúiseanna le bheith ina leasaitheoir</li> <li>* Príomhphointí creidimh agus scríbhinní</li> <li>* Torthaí a c(h)uid oibre</li> </ul> | (25) |
|------------|--|------|

- B.** Roghnaigh duine **amháin** de na daoine a ndéantar cur síos orthu thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin. Más mian leat, is féidir leat na leideanna a úsáid chun cabhrú leat i do fhregra. Scríobh an teideal a roghnaíonn tú ag barr do chuntais.

**(i) Ceannaire réabhlóideach a ainmníonn tú (sa Fhrainc, in Éirinn nó i Meiriceá) i rith Aois na Réabhlóidí, 1770-1815.**

- |            |  |      |
|------------|--|------|
| LEIDEANNA: | <ul style="list-style-type: none"> <li>* Óige agus gníomhréim</li> <li>* Cúiseanna le tacú leis an réabhlóid</li> <li>* Príomh-imeachtaí na réabhlóide</li> <li>* An saol níos déanaí agus a b(h)ás</li> </ul> | (25) |
|------------|--|------|

**(ii) Gael a chaill talamh i rith ceann de na plandálacha in Éirinn sa 16ú nó sa 17ú haois.**

- |            |   |      |
|------------|---|------|
| LEIDEANNA: | <ul style="list-style-type: none"> <li>* Ainm na plandála</li> <li>* Na cúiseanna ar plandáladh an talamh</li> <li>* Caidreamh leis na húinéirí nua</li> <li>* Torthaí na plandála</li> </ul> | (25) |
|------------|---|------|

**(iii) Duine a bhí páirteach sa choimhlint ar son shaoirse na hÉireann i rith na tréimhse, 1900-1922.**

- |            |   |
|------------|---|
| LEIDEANNA: | <ul style="list-style-type: none"> <li>* Cúiseanna le bheith páirteach</li> <li>* Ceannairí tábhachtacha</li> <li>* Príomh-imeachtaí</li> <li>* Torthaí na n-imeachtaí sin</li> </ul> |
|------------|---|
- NÓ**

**Seanduine ag caint mar gheall ar athruithe ar chúrsaí fóillíochta, spóirt agus siamsaíochta atá tar éis tarlú i rith an 20ú haois.**

- |            |  |      |
|------------|--|------|
| LEIDEANNA: | <ul style="list-style-type: none"> <li>* Cúrsaí caitheamh aimsire, spóirt agus siamsaíochta i dtús na 1900idí</li> <li>* Athruithe ar chúrsaí caitheamh aimsire</li> <li>* Forbairtí sa spórt agus i gcúrsaí siamsaíochta</li> <li>* Torthaí na n-athruithe sin</li> </ul> | (25) |
|------------|--|------|